Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2023
(OR. en)

6263/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0103(NLE)**

AVIATION 26
USA 13
RELEX 176

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt; agus maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Choimhdigh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt<br>– Glacadh |

1. Síníodh an Comhaontú Aeriompair idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile (‘Comhaontú AE-SAM maidir le hAeriompar’), an 25 agus an 30 Aibreán 2007[1] agus leasaíodh é le Prótacal an 24 Meitheamh 2010[2]. Tá Comhaontú AE-SAM maidir le hAeriompar i bhfeidhm ón 29 Meitheamh 2020. Tá an Prótacal Leasaitheach i bhfeidhm ón 5 Bealtaine 2022.

2. Ina dhiaidh sin, rinneadh comhaontú maidir le haontachas na hÍoslainne agus na hIorua leis an gComhaontú Aeriompair idir AE agus SAM (‘an Comhaontú Aontachais’) agus comhaontú coimhdeach maidir leis na socruithe inmheánacha idir an tAontas, an Iorua agus an Íoslainn (‘an Comhaontú Coimhdeach’) a chaibidil.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 25 Aibreán 2007 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach Chomhaontú AE-SAM maidir le hAeriompar (2007/339/CE), IO L 134, 25.5.2007, lch. 4.
[2] IO L 223, 25.8.2010, lch. 3.

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an dá chomhaontú sin an 2 Bealtaine 2011 (9849/11).

3. In éineacht le hIonadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Aontachais agus an Chomhaontaithe Choimhdigh an 16 Meitheamh 2011 (Cinneadh 2011/708/AE)[3].

4. Ina breithiúnas an 28 Aibreán 2015 i gcás *Commission v Council*, C-28/12[4], chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach raibh glacadh cinntí hibrideacha ag an gComhairle, amhail Cinneadh 2011/708/AE, ag luí leis na Conarthaí agus, dá bhrí sin, cuireadh Cinneadh 2011/708/AE ar neamhní. Chinn an Chúirt éifeachtaí an chinnidh a cuireadh ar neamhní a choimeád go dtí go dtiocfaidh cinneadh nua i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnach ama, a ghlacfaidh an Chomhairle de bhun Airteagal 218(5) agus (8) CFAE.

5. Mar thoradh ar an mbreithiúnas sin, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh nua ón gComhairle chun teacht in ionad an chinnidh a cuireadh ar neamhní (11984/16 + ADD1 REV1 + ADD2 REV1).

6. Phléigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle an 12 agus an 19 Márta 2019 agus an 12 Nollaig 2022.

7. Ag eascairt as an scrúdú ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an chinnidh nua ón gComhairle.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6260/23 é, a fhormheas, agus a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh a ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig PE.

---

[3] IO L 283, 29.10.2011, lgh. 1–15
[4] AE C:2015:282.